

P R Í O M H —

S C Í L E A N N A

Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama gaolmhara an scoláire

EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACTH A BHAINISTIÚ

Is féidir leis na scoláirí gléasanna digiteacha a úsáid lena léirithe aonair nó grúpa a thaifeadh, an t-ábhar seo a roinnt lena chéile agus punann forbartha léirithe a fhorbairt.

MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ

Foghlaimoidh an scoláire láidreachtaí agus laigí pearsanta a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu; breathnú ar a roghanna agus a chinntí; agus cuidiú a lorg agus bheith oscailte don aiseolas ar bhealach a éascaíonn athbhreithniú agus feabhsú.

A BHEITH CRUTHAITHEACH

Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar chuir chuige nuálacha le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí an tseomra ranga; mar shampla trí phlé grúpa, gluaiseacht, smaointeoireacht amhairc, teagasc piaraí, úsáid chruthaitheach as teicneolaíocht agus dul sa seans.

FANACHT FOLLÁIN

Forbraíonn an scoláire muinín agus é ag rannchuidiú le cinntí a dhéanamh laistigh de ghrúpa ceoil agus gníomhaíochtaí agus iarrachtaí cruthaitheacha comhoibríocha á ndéanamh aige. Forbraíonn siad teacht aniar nuair atá deacrachtaí rompu agus ciall don sásamh nuair a bhaineann siad spriocanna amach.

MÉ FÉIN A BHAINISTIÚ

EOLAS AGUS SMAOINTEOIREACTH A BHAINISTIÚ

A BHEITH CRUTHAITHEACH

FANACHT FOLLÁIN

PRÍOMH-SCILEANNA

A BHEITH UIMHEARTHA

CUMARSÁID

OBAIR LE DAOINE EILE

A BHEITH LITEARTHA

A BHEITH UIMHEARTHA

Is féidir leis an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar a ngaol idir na seanraí/stíleanna éagsúla agus cosúlachtaí agus difríochtaí a shainaithint trí ghníomhaíochtaí éisteachta agus cumtha.

CUMARSÁID

Gheobhaidh an scoláire deiseanna le mothúcháin a iniúchadh agus a chur in iúl trí léiriú nó trí chur i láthair. Déanfaidh sé cinntí faoi conas is fearr cumarsáid a dhéanamh lena lucht éisteachta/féachana. Trí bheith ag éisteacht le daoine eile agus ag breathnú orthu ag déanamh cumarsáide, is féidir leis an scoláire tuiscint a fhorbairt ar an dóigh lena smaointe a chur in iúl trí mheáin éagsúla agus chúí.

OBAIR LE DAOINE EILE

Foghlaimoidh na scoláirí conas caidreamh a dhéanamh le piaraí agus le múinteoirí le linn cleachtaí agus gníomhaíochtaí grúpa eile; caitheann siad am ag éisteacht go gníomhach lena chéile agus ag comhroinnt smaointe go hionraic agus go leochaileach; foghlaimoidh siad conas dearchtaí/smaointe daoine eile a urramú agus a chuimsiú.

A BHEITH LITEARTHA

Is féidir leis an scoláire ceol a chruthú mar fhreagairt ar spreagthaí éagsúla amhail íomhánna, téacsanna, smaointe/meonta/mothúcháin teibí nó foirmeacha agus píosaí binne eile.

